Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Eanáir 2023
(OR. en)

16265/22
PV CONS 84
SOC 700
EMPL 479
SAN 673
CONSOM 357

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialach, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

8 agus 9 Nollaig 2022

## CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ..... 4

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Plé reachtach**

2. Togra le haghaidh Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin ..... 4

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Seimeastar Eorpach 2023 ..... 4
   a) Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus dréacht-Mholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro
   b) Cur chun feidhme an Mholta maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú sa mhargadh saothair: Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta

4. Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach ..... 5

5. Conclúidí maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú i margadh an tsaothair ..... 5

**Plé reachtach**

6. Treoir maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair ..... 5

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

7. Straitéis Eorpach um Chúram ..... 5

8. Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán ..... 6

9. Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: Spriocanna Barcelona do 2030 ..... 6

10. Conclúidí maidir le comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite: Díriú ar an nglúin óg ..... 6

**Plé reachtach**

11. Treoir maidir le cóir chomhionann (Airteagal 19) ..... 6

## Aon ghnó eile


12. a) Tograí reachtacha reatha
i) Cinneadh maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023 .......... 7
b) An t-eolas is déanaí faoi chruinnithe Rialtas na Seicia san Úcráin .......... 7
c) An tArdán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac - staid na himeartha .......... 7
a) (ar lean) Tograí reachtacha reatha
ii) Treoir maidir le ról agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais a neartú .......... 7
d) Comhdhálacha de chuid na hUachtaránachta .......... 7
e) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta .......... 7

SLÁINTE

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

13. Soláthar vacsaíní in aghaidh COVID-19 .......... 8

14. Moladh ón gComhairle maidir le cosc a neartú trí luathbhrath:
Cur chuige nua an Aontais maidir le scagthástáil le haghaidh ailse a thagann in ionad Moladh 2003/878/CE ón gComhairle .......... 8

15. Conclúidí maidir le vacsaíniú mar cheann de na huirlisí is éifeachtaí chun galair a chosc agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú .......... 8

**Plé reachtach**

16. Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte .......... 8

17. Rialachán maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta le haghaidh substaintí de bhunús daonna a bheartaítear lena n-úsáid sa duine agus lena n-aisghairtear Treoracha 2002/98/CE agus 2004/23/CE .......... 8

**Aon ghnó eile**

18. a) Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Feistí Leighis (MDR) .......... 9
b) Athbhreithniú ar an reachtaíocht Chógaisíochta .......... 9
c) Córas Faisnéise na dTrialacha Cliniciúla .......... 9
d) Caibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus le haghaidh leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) .......... 9
e) Straitéis Sláinte Dhomhanda an Aontais Eorpaigh .......... 9
f) Tuarascáil ar Staid na hUllmhachta Sláinte .......... 10
g) Comhdhálacha de chuid na hUachtaránachta .......... 10
h) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta .......... 10

IARSCRÍBHINN — Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle .......... 11


***

**CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 8 Nollaig 2022**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15453/22.

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**2. Togra le haghaidh Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin** ❶C 15338/1/22 REV 1
*Cur chuige ginearálta*

Níor fhormheas an Chomhairle an cur chuige ginearálta mar a leagtar amach in 15338/1/22 REV 1 é.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3. Seimeastar Eorpach 2023** 2 15071/1/22 REV 1
*Díospóireacht bheartais*

**a) Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, dréacht-Tuarascáil Chomhphháirteach ar Fhostaíocht agus dréacht-Mholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro** 15184/22 15189/22 15076/22 + ADD 1 15180/22
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Tar éis don Choimisiún cur i láthair a dhéanamh ar phacáiste Fómhair an tSeimeastair Eorpaigh, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2023 ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach in 15071/1/22 REV 1 é.

**b) Cur chun feidhme an Mholta maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú sa mhargadh saothair: Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta** 15081/22
*Formhuiniú*

D’fhormhuinigh an Chomhairle na príomhtheachtaireachtaí maidir le Cur Chun Feidhme an Mholta maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair a leagtar amach in 15081/22.

4. **Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach** 2 C (*) 15094/22 **<u>+ REV 1 (de)</u>** + ADD 1

(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (j) CFAE)

*Comhaontú polaitiúil*

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an 'Moladh maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach' mar a leagtar amach in 15094/22 é. Leagtar amach an ráiteas ón bPolainn san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

5. **Conclúidí maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú i margadh an tsaothair** 2 14495/22 **<u>+ REV 1 (de)</u>** + ADD 1

*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> na conclúidí maidir le daoine faoi mhíchumas a áireamh i margadh an tsaothair mar a leagtar amach in 14495/22 iad.
Leagtar amach an ráiteas ón bPolainn san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

6. **Treoir maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair** ❶ C 14988/22

*Cur chuige ginearálta*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> cur chuige ginearálta i ndáil leis an Treoir maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aspeist ag an obair mar a leagtar amach in 14988/22 é.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

7. **Straitéis Eorpach um Chúram**[1] 2 15084/22

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag <u>an gComhairle</u> maidir leis an Straitéis Eorpach um Chúram ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach in 15084/22 é.

---

1 I láthair Stiúrthóir EIGE agus Uachtarán Sheirbhísí Sóisialta na hEorpa.

**8. Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán**
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (k) CFAE)
*Glacadh*

2 C (*)

14650/22
+ ADD 1
13948/22
**<u>+ REV 1 (de, it, da, el, pt, cs, lv, pl, sk, ro)</u>**
**<u>+ COR 1 (fr)</u>**
**<u>+ COR 2 (bg)</u>**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán mar a leagtar amach in 13948/22 é.
Leagtar amach ráitis ón Ungáir agus ón bPolainn san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

**9. Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: Spriocanna Barcelona do 2030**
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (i) CFAE)
*Glacadh*

2 C (*)

14782/22 + ADD 1
**<u>+ ADD 1 COR 1</u>**
14785/22
**<u>+ COR 1 (cs)</u>**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: Spriocanna Barcelona do 2030 mar a leagtar amach in 14785/22 é.
Leagtar amach ráitis ón Ungáir, ón bPolainn agus ón Spáinn san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

**10. Conclúidí maidir le comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite:**
**Díriú ar an nglúin óg**
*Formheas*

2

14588/22 + ADD 2

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> na conclúidí maidir le comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite:
Díriú ar an nglúin óg mar a leagtar amach in 14588/22 iad.
Leagtar amach ráitis ón Ungáir agus ón bPolainn san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**11. Treoir maidir le cóir chomhionann (Airteagal 19)**
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

S C

13070/22

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Treoir maidir le cóir chomhionann (Airteagal 19) mar a leagtar amach in 13070/22 í.

**Aon ghnó eile**

**12. a) Tograí reachtacha reatha**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**i) Cinneadh maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023** ❶C 13365/22 + COR 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir leis an gCinneadh maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023.

**b) An t-eolas is déanaí faoi chruinnithe Rialtas na Seicia san Úcráin**
***Faisnéis ón Uachtaránacht***

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir le cruinnithe Rialtas na Seicia san Úcráin.

**c) An tArdán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac - staid na himeartha**
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún faoi staid na himeartha maidir leis an Ardán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac.

**a) (ar lean) Tograí reachtacha reatha**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**ii) Treoir maidir le ról agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais a neartú** ❶C
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún faoin Treoir maidir le ról agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais a neartú.

**d) Comhdhálacha de chuid na hUachtaránachta**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir le comhdhálacha na hUachtaránachta.

e) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

**CRUINNIÚ NA hAOINE, AN 9 NOLLAIG 2022**

SLÁINTE

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**13. Soláthar vacsaíní in aghaidh COVID-19**[2] — 14607/22
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir le vacsaíní COVID-19 a sholáthar.

**14. Moladh ón gComhairle maidir le cosc a neartú trí luathbhrath: Cur chuige nua an Aontais maidir le scagthástáil ailse a ghabhann ionad Mholadh 2003/878/CE ón Comhairle** — (*) 14770/22 + ADD 1
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 168(6) CFAE)
*Glacadh*

Ghlac an Chomhairle an Moladh ón gComhairle.
Leagtar amach an ráiteas ón gCoimisiún san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

**15. Conclúidí maidir le vacsaíniú mar cheann de na huirlisí is éifeachtaí chun galair a chosc agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú** — 14771/22
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí agus chinn sí gur cheart iad a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**16. Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte** — 14768/22 + COR 1 **+ COR 1 REV 1 (ro)**
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

**17. Rialachán maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta le haghaidh substaintí de bhunús daonna a bheartaítear lena n-úsáid sa duine agus lena n-aisghairtear Treoracha 2002/98/CE agus 2004/23/CE** — 14769/22
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

---

[2] I láthair Stiúrthóir ECDC agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin EMA.

**Aon ghnó eile**

**18. a) Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Feistí Leighis (MDR)** 15520/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún go raibh sé beartaithe aici leasú spriocdhírithe ar an Rialachán seo a thíolacadh go luath in 2023 chomh maith le barúlacha ó roinnt toscaireachtaí.

**b) Athbhreithniú ar an reachtaíocht Chógaisíochta** 15306/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar reachtaíocht Chógaisíochta chomh maith le barúlacha ó roinnt toscaireachtaí.

c) Córas Faisnéise na dTrialacha Cliniciúla[3] 15596/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

**(d) Caibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus le haghaidh leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005)** 15307/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún maidir leis an gcaibidlíocht i gcomhair comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, chomh maith le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005).

**e) Straitéis Sláinte Dhomhanda an Aontais Eorpaigh** 15308/22
*Faisnéis ón gCoimisiún* 15585/22

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir le Straitéis Sláinte Dhomhanda an Aontais Eorpaigh agus barúil ó thoscaireacht amháin.

[3] I láthair Stiúrthóir Feidhmiúcháin EMA.

**f) Tuarascáil ar Staid na hUllmhachta Sláinte** 2 15309/22
*Faisnéis ón gCoimisiún* + ADD 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis an Tuarascáil ar Staid na hUllmhachta Sláinte.

**g) Comhdhálacha de chuid na hUachtaránachta** 2 15279/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir le comhdhálacha na hUachtaránachta.

h) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

---

❶ An chéad léamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'B' a leagtar amach in 15453/22**

**Aguisín 'B' mír 4:** **Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach**
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (j) CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir laistigh de chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an cor cainte 'comhionannas inscne mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma 'inscne', léirmhíneoidh an Pholainn an téarma sin mar 'ghnéas' i gcomhréir le hAirteagail 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'

**Aguisín 'B' mír 5:** **Conclúidí maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú i margadh an tsaothair**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir laistigh de chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, déanfaidh an Pholainn an téarma 'gné an chomhionannais inscne' a léiriú mar ghné comhionannais idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'

**Aguisín 'B' mír 8:** **Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán**
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (k) CFAE)
*Glacadh*

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an téarma 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' sa *Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán.'*

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir laistigh de chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an cor cainte 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir agus an cor cainte ''comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise an mhéid thuas, aon nathanna eile ina bhfuil an téarma 'inscne', is mar 'gnéas' a dhéanfaidh an Pholainn an téarma sin a léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'

| | |
|---|---|
| | **Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: Spriocanna Barcelona do 2030** |
| **Aguisín 'B' mír 9:** | (An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (i) CFAE) |
| | *Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Is díol sásaimh don Ungáir cuspóir ginearálta an Mholta ón gComhairle gach uirlis is féidir a chur ar fáil do thuismitheoirí chun cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a choinneáil. Aithníonn an Ungáir an tábhacht a bhaineann le hoideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) a bheith inrochtana agus inacmhainne ar ardchaighdeán, lena bhféadfar rannchuidiú le comhroinnt níos cothroime freagrachtaí cúraim i measc tuismitheoirí agus lena bhfeabhsaítear rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair freisin.

Measann an Ungáir go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí prionsabal na coimhdeachta agus imthosca agus cleachtais náisiúnta éagsúla na mBallstát san áireamh maidir le ECEC. Creideann an Ungáir nach mór an ceart chun rogha na dtuismitheoirí a urramú maidir le húsáid seirbhísí ECEC.

Léirmhíníonn an Ungáir an Moladh mar seo a leanas: má bhaineann Ballstát na spriocanna atá beartaithe amach roimh an sprioc, ní chiallaíonn sé go n-aistreofar é go dtí an chéad chatagóir eile go huathoibríoch chun an sprioc níos airde a bhaint amach.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sa

*Mholadh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: Spriocanna Barcelona do 2030.*

Thairis sin, déantar tagairt i dtéacs an *Mholta ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: Spriocanna Barcelona do 2030* do roinnt doiciméad a chuir an Ungáir ráiteas náisiúnta isteach chucu roimhe sin. Seasann an Ungáir leis na ráitis náisiúnta uile a rinne sí roimhe seo.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir laistigh de chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an cor cainte 'comhionannas inscne mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma 'inscne', léirmhíneoidh an Pholainn an téarma sin mar 'ghnéas' i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

'Is díol sásaimh don Spáinn gur glacadh an Moladh sin arb é is aidhm dó rannpháirtíocht níos mó i seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige (ECEC) atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inacmhainne san Aontas Eorpach a áirithiú agus, go háirithe, molann sí iarrachtaí Uachtaránacht na Seicia chun teacht ar chomhaontú maidir leis an tionscnamh seo.

Táimid ar cheann de na tíortha a thacaigh le hardleibhéal uaillmhéine sa Mholadh le linn na caibidlíochta, i gcomhréir leis an togra bunaidh ón gCoimisiún. Cé gur coinníodh é sin in go leor codanna den téacs, creidimid gur cheart níos mó airde a thabhairt sa téacs ar an ngá atá le comhionannas inscne a phríomhshruthú go héifeachtach i mbeartais cúraim leanaí, rud a chiallaíonn, i measc nithe eile, nach mór do thuismitheoirí agus do na stáit freagracht a chomhroinnt.

I ndáil leis sin, ní féidir aon tagairt sa téacs do 'rogha na dtuismitheoirí' a mheas mar thagairt atá neodrach ó thaobh inscne de agus d'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith aici a imíonn ón mbealach i dtreo an chomhionannais inscne ós rud é, i bhformhór na gcásanna, nach bhfuil saoirse rogha den sórt sin ag tuismitheoirí mar gheall ar an mbaint mhór a bhaineann le steiréitíopaí inscne, róil thraidisiúnta agus easpa roinnt chomhionann freagrachtaí cúraim idir mná agus fir, rud a chothaíonn neamhionannais agus a chuireann bac ar dhul chun cinn i dtreo comhionannas inscne.

Tá súil againn go gcuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún na nithe sin san áireamh agus an Rialachán á chur chun feidhme.'

<u>**Aguisín 'B' mír 10:**</u> **Conclúidí maidir le comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite: Díriú ar an nglúin óg**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Is díol sásaimh don Ungáir cuspóir ginearálta na gconclúidí ón gComhairle tacú le mná i gcásanna deacra a bhíonn mar thoradh ar ghéarchéimeanna, ós rud é go bhfuil sé mar ardtosaíocht ag an Ungáir gnóthú na cothromaíochta oibre is saoil a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a spreagadh.

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna Conclúidí ón gComhairle maidir le comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite: díriú ar an nglúin óg.

Thairis sin, tagraítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite: díriú ar an nglúin óg do roinnt doiciméad ar thíolaic an Ungáir ráiteas náisiúnta ina leith roimhe seo. Seasann an Ungáir leis na ráitis náisiúnta uile a rinne sí roimhe seo.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir laistigh de chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an cor cainte 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir agus an cor cainte 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise an mhéid thuas, aon nathanna eile ina bhfuil an téarma 'inscne', is mar 'gnéas' a dhéanfaidh an Pholainn an téarma sin a léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'

| | |
|---|---|
| <u>Aguisín 'B' mír 14:</u> | **Moladh ón gComhairle maidir le cosc a neartú trí luathbhrath: Cur chuige nua an Aontais maidir le scagthástáil ailse a ghabhann ionad Mholadh 2003/878/CE ón Comhairle**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 168(6) CFAE)<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Is díol sásaimh don Choimisiún an dul chun cinn foriomlán agus na feabhsuithe a chomhaontaigh an Chomhairle sa togra comhréitigh, togra ar céim thábhachtach ar aghaidh é i leith na scagthástála ailse san Aontas i gcomparáid le Moladh 2003. Is díol sásaimh don Choimisiún go háirithe go bhfuil trí chineál nua ailse á dtabhairt isteach mar chuid de Scéim Scagtha Ailse an Aontais agus gur tugadh aitheantas don chuspóir de chuid an Phlean Ailse go dtairgfear scagthástáil do 90 % de dhaonra an Aontais a cháilíonn do scagthástálacha ailse cíche, ailse ceirbheacsach agus ailse chalaireicteach faoi 2025.

Is oth leis an Coimisiún, áfach, gur laghdaíodh uaillmhian thogra an Choimisiún agus gur cuireadh teorainn le raon feidhme na scagthástálacha a moladh. Measann an Coimisiún gurbh fhearr go háirithe dá gcoinneofaí an aoisghrúpa níos leithne a moladh le haghaidh scagthástáil ailse chíche, mar aon leis an tagairt don leibhéal éifeachtúlachta maidir le scagthástáil ailse scamhóg agus ailse phróstataigh. Ina theannta sin, bheadh an Coimisiún i bhfabhar teorainn a chur le critéir agus forchoimeádais bhreise a thabhairt isteach maidir le cláir scagthástála.'